

FILE BASCACH SA MHACADÓIN

Ainara Maia Urroz



*Níl a fhios againne muintir na teorann
cá bhfuil na críocha.*

focaileile
|||

Co-funded by the
Creative Europe Programme
of the European Union



bestehitzak
|||

Aistrithe ag Séamus Mac Conmidhe

Tá an tEarrach tar éis dúiseacht arís,
a fhíorthús,
tús le cineál cinnteachta,
lán dóchais agus shaibhreas iontais an tséasúir

An bhliain úr seo
is amhrán nua í,
déagóir atá tagtha,
an séasúr le ceiliúradh
a dhéanamh ar aibíocht eascartha ón óige
tús le breacadh lae iontach atá ann.

Éist lenár gcroí:
guímid ort gach sonas.
A MHACADÓIN LÁN FOCAL
A MHACADÓID LÁN DÁNTA
FILE SA MHACADÓIN, AN MHACADÓIN DON FHILE
A MHACADÓIN LÁN DÁNTA

MAKEDONIA

Dhéanfainn sailéad torthaí duit
as na torthaí atá feicthe agam sa mhargadh anseo,
agus deireadh an tsamhraidh,
tá an samhradh ag teacht chun deiridh
agus táim ag fanacht le samhradh mo bheatha,
tá an samhradh gan phóg ag teacht chun deiridh...
ach an bhfuil tú cinnte
nár thug tú póg dom?
Cinnte?
Tá póganna ann
nach mbaineann do bheola amach riamh...
...tá mo chorp go léir
clúdaithe le do phóganna, beagnach mo chorp go léir
póganna ó do shúile,
póganna ó do mhéara,
is cuimhin leat conas a tháinig ár mbeola le chéile
Timpeallaithe ag sailpítear ó Mhuir an Airgid
faoi amharc an chailín sin?
Fiafróidh mé díot uair amháin eile mar sin?

Nár thug tú póg dom?
cá bhfuil tú “anseo agus anois”
A d’fhiafraigh mé díom féin,
Ach b’fhéidir, seans,
“amárach agus ansin” a bheidh tú
agus nach féidir liom thú a fheiceáil,
as siocair, b’fhéidir, go bhfuilim “inné agus ansin”
Níl a fhios agam má tá aon chairde,
má tá aon ghrá ansin:
Nuair a chuimhním ar an nglór úd
Braithim go bhfuilim i m’aonar...
...An feidir liom labhairt leat faoi phian?
Níl a fhios agam mura mbraitheann an croí
amaideach seo barraíocht?
Níl a fhios agam an bhfuil tú beo,
má thabharfaidh an cosán seo
mé gach áit!
Níl a fhios agam an dtabharfaidh tú mé
go dtí solas do ghréine,
Ach seo mé, faoi sholas mo ghealaí.
Níl a fhios agam cén fáth a scríobhaim filíocht fós
mar is fulaingt filíocht,
ach agus mé ag scríobh an véarsa seo
braithim dá bharr go bhfuilim leat
i dtír seo Alastair Mhóir agus na Máthar Treasa.

Beidh sailéad torthaí milis agat ag fanacht leat
ar theacht ar ais duit, a ghrá liom atá cailte...

Oícheanta gan ghealach iomlán

*Scríobhfaidh mé amhráin ghrá.
Nuair a tháinig tú as áit ar bith thiar an t-am sin,
agus líon tú m'óícheanta le solas gealaí,
le focail agus póganna grá
gheall tú dom go rachaimis le chéile leis an gcíor óir a aimsiú
ar na hoileáin ar Mhuir an Airgid.
Tá mé cailte ó shin,
ag lorg na scoilte a osclaíonn suas
slabhra dofheicthe an ghrá a cheangail le chéile sinn,
nuair a shéideann gach nóiméad ar shiúl mar thoit
Is mian liom breith uirthi san aer
ag ceapadh go n-aimseoidh mé focal geallta leat,
in Bitola, nó i mbanda timpeall ar gach todóg
i mo bhrionglóidí.*

HERACLEA

I dtreo na cathrach arsa Macadóiní,
agus ar an mbealach téim isteach i reilig mhór,
tá séipéal Ortadocsach ansin:
bhí Antonio ag fanacht liom ansin, Toni Beag dá chairde
agus d'inis sé dom faoin séipéal ina Bhéarla faoi anáil na Macadóinise:
“Politika is corrupted. Politika is nothing,
but heart and faith is the most important”.

Creideann na Gréagaigh gur leosan an Mhacadóin,
ach ag na Macadóinaigh atá an Mhacadóin agus is leo í,
CROÍ AGUS ANAM.

Tá rud éigin san aer sa Mhacadóin,
beidh reifreann ann ar ball,
ainm na Macadóine a athrú nó gan.
Croíthe ag rith lán, réidh le pléascadh am ar bith.

Go tobann smaoiním air sin i
bhfothracha chathair ársa Heraclea:
thóg athair Alastair Mhóir an chathair sa cheathrú haois roimh RC;
ní na Rómhanaigh, ná na Gréagaigh chumhachtacha,
chruthaigh an chathair Mhacadónach í féin,
gan a bheith faoi riail aon duine,
NÓ NÍL ÁIT AG AN BPOLAITÍOCHT
MAR A BHFUIL CROÍ AGUS ANAM.

Mar a bhfuil do chroí, tá do chorp,
mo chorp anseo, tá mo chroí i bhfad ar shiúl.
Níos lú polaitíochta, níos mó filíochta,
le mórgacht ár laghad a thaispeáint?

ZLATEN DAB

*tá an samhradh imithe agus níl sé tagtha agus tá mo chroí i bpéin, go dtaga an fómhar uair
amháin eile agus go raibh sé ina earrach go tobann: guím dea-earrach oraibh go léir...*

CARRAIG ÓRGA

Ag cogarnach leis an éan
gan aon rud a dhéanamh, fion na beatha a ól,
stad agus fanacht le toradh an fhómhair,
ní chaillfear ar cuireadh san earrach.
Breathnaigh an t-eas,
Tá an t-uisce fuar,
snámh agus luigh faoin ngréin.
Ansin smaoinigh faoi shuaimhneas ar do ghrá,
fiú má tá sé le duine éigin eile, faraor,
is leis an gcrann darach an t-éan,
agus ceolann sé faoi shuaimhneas is grá leis é,
is mian leis a nead a thógáil ansin...

BUKOBO

SA CHOILL BHEITHE

I mbaile an phiobair dheirg
ba chóir dom a úsáid inniu
agus an dóchas ina chomhthastealaí liom,
taithí ar feadh mo chnámhe droma agus
réamhchlaontaí i mo phóca.
Críochnaíonn an lá i mbaile an phiobair dheirg,
agus, ag leanúint an ama atá caite,
Ní raibh a fhios agam conas grá a thabhairt,
agus sin an fáth ar imigh sé uaim.

SONAS

Tá oícheanta réabghealaí maith
le bearnaí i do chroí a líonadh le filíocht;
oícheanta geala fómhair
ag breathnú ar an ngealach
táim i mo thost
ag aimsiú mo shonais
tar éis BOZA a ól,
an deoch Mhacadónach sin,
ardaím mo ghlór:
'Bíodh fómhar maith agat'
tá an samhradh imithe
agus níl sé tagtha
agus tá mo chroí i bpéin,
go dtaga an fómhar
uair amháin eile
agus go raibh sé ina earrach go tobann.

AER!

Is brionglóid an saol, BÍMIS AG BRIONGLÓIDEACH!
Ach is geall le brionglóid an saol
is faiteadh na súl é agus
amach anseo is é an t-aon bhealach
le bogadh chun cinn.

An dóchas mo leath-thaistealaí,
taithí ar feadh mo chnámhe droma
agus réamhchlaontaí i mo phóca.

CMETKA.

Iarraimid an bille
agus téimid áit eile
le maireachtáil i gcráiceann duine eile
os comhair scáileán mór,
mar ní mian liom aghaidh a thabhairt ar an lá inniu,
tá mo chroí tuirseach agus faoi strus
agus sinn ag iarraidh an bhille
nuair a imímid ón mbialann
téimid go dtí an fhéile scannán
ag lorg dúshlán eile
ag siúl isteach sa scannán
agus ag tumadh isteach i scéal nach eol,
ag maireachtáil lasmuigh díom féin
deis maireachtáil laistigh.

HVALA.

GO RAIBH MAITH AGAT. Buíochas mór. Míle buíochas.

Iompraím i gcónaí an méid a ghráim agus a chrothnaím thart liom,
mar is cuimhin liom an méid a ghráim agus a chrothnaím,
táim iomlán, beo,
le mo chéadfaí uile.

Dá mb'amhlaidh féin! Inshallah!

Amhail is dá mbeidís anseo liom,
agus tá gach rud a ndeachaimid tríd agus a ndeachaimid tríd le chéile
san am atá caite agus tógfaimid an chéad chéim eile
le níos mó cinnteachta
dá ngeallfadh sé sin dom.

Ag eitilt le chéile,
ag déanamh an tsaoil seo níos fileata.

Mar crothnaím thú
nuair atá mé le daoine eile
Más cuimhin leat méid mo ghrá duit
agus ar ball ní chrothnóidh mé thú
mar beimid le chéile. Inshallah! Amen!

Go raibh sé amhlaidh...

JA SUM...

Ja sum Ainara.

Is mé agus níl agam.

Is mé a bhfuil ionam

file deorach

bean i ngrá ag fanacht leis filleadh,

a fheicfidh tú, lá éigin, ag tiontú ina hamhránaí lúcháireach.

Má deir siad leat gan caoineadh, (nach cuma sa sioc, ar aghaidh leat)

má gheallann siad go bhfillfidh siad, (promises are shit)

lá éigin (guten morgen)

amhránaí lúcháireach (ahí te quiero ver)

DUINE

Bean nó fear,

cailín nó buachaill,

Is DUINE mé thar aon rud eile,

an duine seo i ngach teanga

agus ní mian liom barraíocht airde a thabhairt

ar mhionsonraí gan tábhacht,

is fearr coinneáil siar

leis an achar eadrainn a laghdú

Mí ní aon bhrionglóid an saol,

ach is geall le brionglóid an saol,

imíonn sé as radharc i bhfaiteadh na súl,

agus fiú más ann go fíor a bhfuil mé á mhaireachtáil anois díreach

ní fheiceann sé faic mura bhfeicimse

cibé atá in aice liom.

Is duine mé

le mo chuid aingeal agus diabhal inmheánach go léir.

VERO.

Tá mórán ar fáil ag an margadh,
tá an fharraige lán éisc
agus táim TE ag tumadh isteach san fharraige mianta ionam.
An méid againn nach raibh an deis againn fós a bheith inár máithreacha,
caithfimid deis a ghlacadh taisteal agus a bheith ag brionglóideach faoi bheith inár
máithreacha.
An méid againn nach féidir linn fanacht le bheith inár máithreacha
a fhiafraí dár bpáirtithe meata a bheith níos cróga.
Agus eagla orainn a bheith cailte ina bhfuil le tabhairt ag an margadh
báitear sinn i bhfarraige ár ngrá féin.
Agus deirim “te” gan a bheith ag iarraidh do mhianta agus brionglóidí a fhuarú,
gan thú a mhaolú roimh an méid a d’fhéadfá a rá liom
Le ceann fuar agus croí te,
ag iarraidh cothromaíocht a aimsiú sa saol.

ZDRAVO.

SLÁINTE, grá agus airgead.
Is iad seo na tosaíochtaí sa saol.
Mairimid le hithe agus le hól i sláinte,
le grá a thabhairt dá chéile i sláinte
Beannaím do gach lá nua i sláinte:
SÉ DO BHEATHA!
Is mian liom taisteal i dtreo gach oíche i sláinte.
Is é an tsláinte, a deir siad, an rud is tábhachtaí sa saol,
ach cad é a bheadh sa tsláinte gan an grá?
Breoiteacht agus bás.

BELIMACE. *Constantin Belimace* (Iúil 1848–1932), *Románach a rugadh ina Otamánach agus file Iúgslávach*

TOST FILE I NDOMHAN SEO NA HÁILLEACHTA

Deir mo thuismitheoirí gur scrios
ár sinsir gach rud
i dtine mhór.
Fágadh sinn gan aon arm
beagnach gan neart
Agus ceansaíodh sinn
ó bheith inár dtírghráthóirí daingne,
tírghráthóirí ag cómhaireachtáil.

Néalta ag monabhar le chéile
tar éir báisteach shearbh a thabhairt leo:
tá aiféala sa bhaile,
tá barraíocht cainte déanta ag teanga an fhile,
agus tá a theanga faoi leatrom
tar éis tine a athrú ina ór:
suigh sios
agus labhair go socair.
Tá teanga bhaothdhána an fhile trí thine.
Tá an chéad splanc den tine
i gcroíthe ár sinsir,
mamó ag caint,
tá ár ndóchas i mbrionglóid na mbrionglóidí.

An ndéanfaidh stocaí déanta ag máthair mo mháthar
ár gcosa nochta a théamh!
Tá Dia agus na Seandlithe tar éis teitheadh
le haire a thabhairt do thréad eile!
Tá an file ciúin ina uaigh,
tá ár sinsir fuair cois teallach gan tine
mar tá dearmad déanta againn dá scéalta agus miotais
agus ní chreidimid in aon rud níos mó.

BLAGODARAN.

GO RAIBH MAITHE AGAT,

Táim buíoch

agus nílim ag breathnú ar an ngleann

Fiú má tá do chroí ar an gcnoc sin,

a chailín,

Táim anseo, file!

Táim buíoch don saol,

buíoch go ngránn mo mhuirnín

mé an oiread sin

táim anseo, ag breathnú amach

ag lorg cúise

ag seilg filíochta.

Táim buíoch go ngránn mo mhuirnín

mé an oiread sin

Táim ag scríobh an dain seo dí.

RÓPAÍ SHIROK.

SRÁID LEATHAN.

Suas an tsráid, síos an tsráid,

is cosúil go bhfuilimid ag gluaiseacht go saor

cleaic-cleaic i mbróga salaí arda

is cosúil go bhfágaimid ár lorg cibé áit a dtéimid.

Suas an tsráid, síos an tsráid,

is cosúil go bhfuilimid ag gluaiseacht go saor gan aon cheangal

go hoscailte agus gan greim láimhe ar a chéile

idir na daoine, i lár na cathrach

fágaimid ár lorg cibé áit a dtéimid

tuigim nach bhfuilim saor,

fiú mura bhfuil rópaí ná slabhraí ann

nach bhfuil snáithe dofheicthe éigin ann a cheanglaíonn sinn suas

cibé áit a bhfuilimid?

KACA.

CAC?

Fásann bláthanna suas áit ar bith,

ach tá na cinn is áille, na cinn is ansa liom

sa bhruscair, i gcac, fásann siad suas ansin.

Bláthanna ar fhaichí, i ngarraithe mar a gcuirtear uisce orthu

go saorga gach lá agus a ndéantar peataíocht orthu,

ní fheictear domsa go bhfuil siad nádúrtha.

Bainim sásamh astu i mbruscar,
rósanna agus sailchuacha a fhásann suas ansin.

Is féidir teacht ar an bhfilíocht áit ar bith chomh maith,
ach is iad na dánta is breátha na cinn a thagann ó phian,
is minic a chuala mé sin,
agus tá an croí gonta seo,
a ghluais chomh maith trí chac agus slodáin,
tar éis roinnt bláthanna a thabhairt amach,
saonta agus soineanta,
an scríobhaim filíocht de bhrí go bhfuilim ag fulaingt
nó de bhrí gur mian liom leanúint ar aghaidh ag fulaingt?
An bhfuil an fhilíocht saonta, teiripe dóibh siúd i ngrá,
focal nach spéis le haonduine,
agus sin an fáth a gcaithfidh mé stad de bheith ag scríobh filíochta?

Mar bhean fhásta
ar chóir dom tosú ag scríobh próis?

Bainim sásamh as na bláthanna breátha sin a fhásann ó chac
cé go bhfuil siad i bhfad ón áit a mbreathnaíonn bunús na ndaoine
ní thugann bunús na ndaoine aon aird orthu.

MONASTIR.

Bhíomar ag lorg coille
ar an mbealach go dtí an MHAINISTIR, go dtí cathair Bitola,
ach níor theastaigh uainn coill le bheith cailte inti,
theastaigh uainn ceann a mbeimis in ann teacht ar a chéile inti,
sinn féin,
ár scéalta agus
ár gcuimhní
mar a bheadh rollóir bóthair
le teacht ar na mná a chuaigh thart an bealach sin.

CRÚCA.

Tá an crúca ar crochadh ó phota
na máthar nach maireann,
trí chroitheadh a bhaint as a scuab
choinnigh an mháthair nach maireann ó Oitz
an teach glan néata,
ach go dtí seo níor bhuail mé le déantóir cáise mar
an mháthair ó Amaiur!
Níl aon chrúcaí i mo chistinse,
agus de bhrí gur mé an iníon is sine, gan teach,
ní thugaim aire d'aon teach,
ná ní dhéanaim cáis,

ach cibé áit a dtéim
fágaim mo lorg sa domhan
is ann dom mar bhí ann dóibhsean –
Ainara, bean fuála na bhfocal.

RAKIA.

ÍOCSHLÁINTE NA BEATHA.

Ólaimis deoch leighis dhraíochtach na beatha
go dtí go mbeimid sách, sula dtráfaidh
foinse an ghrá
Ólaimis deoch leighis dhraíochtach na beatha
go dtí go mbeimid sách, mar ní stadann an t-am
agus ólaimis, lig dom a bheith ar meisce
damhsa agus ceol
go deireadh na beatha.

T'GA ZA JUG.

Ó DHEAS

Dá mbeadh sciatháin iolair agam

Rachainn ag eitilt

agus d'eitleoinn go dtí ár gcósta,

go dtí ár gcomhshaol,

le hIostanbúl a fheiceáil, le breathnú ar Kukux,

agus breacadh an lae a fheiceáil:

An bhfuil Gruama ansin? Nó anseo?

Má tá an ghrian fós ag teacht aníos,

má thagann an ghrian trasna orm anseo nó ansin,

déanfaidh réidh le taisteal níos faide ar shiúl,

rachaidh mé le roinnt cóstaí eile a fheiceáil,

go dtí an áit a bhfágann breacadh an lae slán agam

go soiléir, simplí,

agus mar a gcaochann an spéir orm leis na réaltaí.

Tá sé dorcha anseo, tá mé timpeallaithe ag an dorchadas,

clúdaíonn ceo dorcha an domhan;

tá oighear anseo, sneachta agus dusta, rud ar bith eile.

Ceo gach áit, talamh reoite

agus tá mo chliabhrach fuar,

mo smaointe dorcha.

Ní féidir liom fanacht anseo níos faide, ní féidir,

Ní féidir liom breathnú ar níos mó oighir.

Tabhair sciatháin dom agus

eitleoidh mé ar shiúl,
ar shiúl go dtí ár gcósta
uair amháin eile go dtí ár n-áiteanna,
go dtí Ohrid nó Struga.
Téann an ghrian m'anam ansin,
Breacann an lár ar bheanna grianmhara;
is iomaí sin tíolacadh atá ansin
tugtha ag neart an nádúr.
Breathnaigh ar an loch geal, beagnach bán
nó na gaoithe gormghruamaithe,
breathnaigh ar mhánna nó thar chnoic:
 bua na háilleachta gach áit.
 Tógann mo chroí suaite anáil lúcháireach gach áit
 Ó, lig don ghrian dul i bhfolach
agus lig dom bású ansin?

(Konstantin Mladinov, file Macadónach, 1830-62)

LETO.

Tá an SAMHRADH thart

agus ba bhrionglóid oíche shamhraidh

an grá in Montevideo;

ba chosúil gur chrom an ghrian,

chaill mo leannán comhbhách a chroí agus tháinig eagla air.

Tá an brionglóideach saor in aisce

agus táim saor mar bím ag brionglóideach.

An oíche fómhair seo

is mian liom a bheith ag brionglóideach

agus mo leannán comhbhách a fheiceáil,

a lámha oscailte,

agus táimid le chéile uair amháin eile.

DRAGOR.

Tá an dragún ina chodladh. Nó marbh, níl a fhios agam.

Leanann na duilleoga leo ag titim de na crainn ar bhruach na habhann
agus ní féidir leo dul ar ais go dtí an crann, agus titeann siad ar an talamh,
agus ní féidir leo dul suas, ní féidir leat titim suas.

Carnann duilleoga marbha, marbh, ar an talamh,
agus níl a fhios agam an bhfuil an dragún ina chodladh,
b'fhéidir go bhfuil sé marbh agus gur sin an fáth nach bhfuil a fhios aige
go bhfuil an samhradh ar shiúl
agus go bhfuil ar a thine mo chroí gonta a leigheas.

B'fhéidir go bhfuil an dragún ina chodladh
agus b'fhéidir go ndúiseoidh fuaim na habhann
nó ceol na n-éan
an leanbh sin ina chodladh.

Ach b'fhéidir go bhfuil an dragún marbh
agus tá na crainn ar bhruach na habhann á nochtú féin os mo chomhair.

MED.

Dúirt siad liom gur fearr an MHIL
leis an dochtúir a choinneáil ar shiúl,
agus go ndéanann sí gach olc níos milse,
oilc an chroí freisin.

An bhfuil a fhios ag an dochtúir

Cad é dó croí,

ní hé an briseadh croí?

Bhí mé le mo mhuirnín,

agus tá sé dodhéanta.

Táim ag crothnú an tsamhraidh ag tús an fhómhair

tá an samhradh ar shiúl agus cuimlíonn

an ghrian the do chraiceann ar bhealach éagsúil

tá boladh an fhómhair sa ghaoth

agus bhí an ghaoth do mo chuimilt bealach an fhómhair,

tá an ghrian chomh maith.

Cuimlín an ghrian mé go bog

agus is breá liom a bheith ag brath an aeir,

tá sé cosúil le mil a lí ó do mhéara.

STRUGA.

Ag leanúint EASCANN fada
tagaimid a fhad le CROIS
lenár smaointe dorcha
agus mothúcháin mheasctha
SÉIDEANN AN GHAOTH go bog
agus uaireanta fuar
ar thaobh an locha
agus suímid síos i gcearnóg Venecia
le caife a bheith againn ag breacadh an lae
sula ndéanfaimid aon rud eile.
Táim ar shráid Pablo Neruda,
i gCearnóg Venecia,
grianmhar agus rómánsúil,
le linn an lae fhada seo
is féidir liom na véarsaí is brónaí a scríobh
b'fhéidir nach grá liom thú
ach cé mhéad ba ghrá liom thú
sa chathair fhileata, rómánsúil seo
is cuimhin liom thú, mo chrann darach comhbhách...
Crothnaím thú...
b'fhéidir nach grá liom thú, tá sin fíor,
chomh gearr is atá an grá agus chomh fada lena dhearmad...
ach b'fhéidir gur grá liom thú go fóill...

DRIM.

*Dream*¹

Brionglóid

Níl sa saol ach brionglóid,

a dúirt an file,

agus is seachmall an domhan.

Brionglóid a bhí ann titim i ngrá,

agus luigh leat mar ghráigh tú mé

Anyway, the world is an illusion

and have a nice trip!

Guím gach rath ort, a mhuirnín

is rath ort mise chomh maith

ach déan do rogha rud.

Ag siúl taobh le hABHAINN DRIM

Bhí brionglóid agam go raibh greim láimhe agam ar mo mhuirnín

Dream, everything is dream

and the love is also a nice dream.

Tá an saol go léir cosúil leis an abhainn,

cibé acu brionglóid, seachmall nó réaltacht,

sreabhaimid ón bhfoinse chun na farraige,

ag sreabhadh linn agus ag fanacht

le sinn féin a dhoirteadh isteach san fharraige.

¹ *In English in the original.*

KALIXTA.

B'fhéidir anocht

scríobhfaidh mé an dán grá is brónaí

mar níl tú anseo liom

sa chathair fhileata bheannaithe seo.

B'fhéidir anocht

scríobhfaidh tú chugam i mBascais arís

lena rá gur grá leat mé,

lenár ndroichead a thógáil.

B'fhéidir.

B'fhéidir?

Gan amhras

murach é díreach anseo

sa loch seo

béarfadh arrachtaí orm

agus tarraingeoidh siad anuas mé

KRUXEBO.

Imigh uaim más mian leat, a mhuirnín
cuimhnigh go gcrothnaím thú,
ní tharlaíonn aon rud mar a mbímid ag dréim leis,
is linne a todhchaí
ach díreach anois níl tú liom
agus d'iarr mé spúnóg siúcra
le beagán bainne
chuir mé an siúcra isteach
agus dúirt mé oíche mhaith leat anocht
ag súil leis maidin amárach go músclóidh tú mé
ag rá “maidin mhaith a ghrá”.
Déanta na fírinne, is seachmall an domhan
agus tá an saol cosúil le brionglóid
faiteadh na súl
agus crothnaím thú nuair a théim a luí
crothnaím do phóganna;
déanta na fírinne, chomh maith agus a phógann tú mo bheola,
amhail us gur chuige sin a rugadh thú!
Crothnaím thú
Is grá liom thú, mo chrann darach comhbhách.

MAKEDONUM.

In this world... for this world...

Sa domhan seo

Táim ag scríobh filíochta,

Táim ag scríobh an domhain seo

AN RÉABHLÓID MHACADÓNACH

a bhris amach sa sráidbhaile ina bhfuilim,

is náisiún saor an Mhacadóin anois

agus ghlac mé grianghraf den domhan seo

táim ag scríobh chuig an domhan uathúil, iolra seo,

an ceann ina bhfuilimid go léir le chéile,

ach in amanna séantar m'fhéiniúlacht

féin

in amanna eile cuirtear ina tost í

agus déanaim iontas an Macadónaigh nó Albánaigh iad,

ach anois déanaim bradaíl ar bhriathra na Máthar Treasa:

ní le haonduine mé

ach creidim i ndaoine,

i nDia,

agus in íobairt Chríost

agus tá Grá agam don chine daonna

do gach duine daonna.

Ach rugadh mé in Irun

agus beidh mé i mo shaoránach de chuid Irun i gcónaí

roimh gach críoch nó creideamh eile

Is Bascach mé.

Sa domhan seo

ag ól ón domhan seo

scríobhaim chuig an domhan seo.

UISCE.

MOCT sa Mhacadóin

An focal Bascaise ZUBIA

UISCE atá ann san Albáinis.

Is é uisce mo fhoinsé bheatha;

sin é muirnín mo chroí.

Labhair sé liom agus thug cuireadh dom

droichead a dhéanamh

le go gcothóidh uisce beo an ghrá sinn go laethúil.

Le sinn a dhéanamh, ní raibh le déanamh againn ach na focail a roghnú go maith

ach níl a fhios agam cad é a tharlach,

cé gur scríobh mé litreacha agus dánta grá

níl a fhios agam cén fáth nach raibhamar in ann greim a
choinneáil ar ár ngrá,

dár ndroichead fanacht ina sheasamh. MAIREACHTÁIL.

Uisce atá ann san Albáinis,

an rud is ‘droichead’ sa Bhascais

‘uisce’ atá ann

an droichead idir eisean agus mise.

PEPERUTKA.

FEILEACÁN.

Leath marbh, leath beo

i lár na sráide

bain don fhómhar

sa samhradh seo

stadaim le breathnú ar dhuilleoga an deiscirt

bogann gaoth bhog ar éigean

stadaim

sa saol gan stad seo

Bitolsko le do thoil

leis an saol a cheiliúradh

sna soicindí go léir atáimid ag fáil bháis,

sna nóiméid go léir atáimid ag teacht chun beatha uair amháin eile

ZMEJ.

EITLEOG. DRAGÚN.

Nocht an dragún dom uair amháin eile.

Ní dhearna mé eitleog riamh nuair a bhí mé i mo pháiste
níor shúgraigh mé le heitleoga ach oiread;
bhí bréagáin eile againn.

Thug an eitleog mé siar go saol an pháiste
rinne mé féin é

agus chonaic mé gach rud go soiléir:
níl grá daoine fásta cothrom, níl sé soiléir,
bíonn i gcónaí leasanna ann.

IT'S NOT FAIR LOVE

IT'S NOT FAIR THE WORLD

agus mairimid leis an domhan
a ghlanadh suas le hamharc páiste, dearcadh.

Bhreachnaigh mé le hamharc soineanta, simplí, páiste
ar an eitleog bheag, bhrionglóideach, chomhbhách.

Ag aois 42 bhliain

tagaim ar pháosa de shaol an pháiste nach raibh agam riamh
agus níl cumha orm
mar is rud nua é.

Ag 42 táim ag déanamh athmhachnaimh ar an saol,
ag smaoineamh ar rudaí arís,
tá buillí an tsaol tar éis mo dhóchas a ídiú,
ach táim ag foghlaim le breathnú ar an taobh geal de rudaí an uile lae
le dearcadh páiste.

AIFREANN.

Chomh breá agus a bhí sé

an grá a bhí agat dom!

sa saol seo

an t-aon rud a bhfuil súil agam leis

tusa atá ann,

tá tú ag teastáil uaim

le dul chun tosaigh sa saol seo.

Chomh breá agus atá sé

an grá atá agam duit!

Guím ag AIFREANN an bharra

duit agus dom

dúinn;

tá a fhios agam nach bhfuil mórán airgid agam

ach dá mbeadh

cheonnóinn teach dúinn beirt le cónaí ansin,

tá a fhios agam nach bhfuil mórán agam le tairiscint duit

seachas mo ghrá gan teorainn,

agus sa dán seo.

Tá an dán seo duit

duitse a chaill mé

tá an domhan seo go hiontach

mar tá tú ann

agus is leatsa an dán seo, a mhuirnín.

KAMEN.

Na daoine nach gcromann síos d'aonduine,
an CHLOCH a mhaireann sa tír seo
fuinneamh.

Fir mhóra

leis na clocha ina lámha
ionsáíonn siad a namhaid.

Mná dásachtacha

throid siad

ar son an phobail seo

le saoirse a bhaint amach

an chloch agus pobal an fhuinnimh

cosúil le cloch Bhascach

fanfaidh siad ar a gcosa.

KOZARA.

BHÍ GRÁ AGAM ORT AR FEADH I BHFAD
NÍ DHÉANFAIDH MÉ DEARMAD ORT CHOÍCHE

Ag fanacht sa bhaile
agus focail éadóchasacha ghrá ón
mbaintreach cailín shingil.

D'imigh an buachaill ón mbaile

le troid, go Kozara,

agus bhí cath uafásach ansin

le linn an Dara Cogadh Domhanda

leis an Iúgslaiv a shaoradh.

Ag an am céanna

agus na focail éadóchasacha ghrá ó

fhocail ghrá is ea iad siúd.

BHÍ GRÁ AGAM ORT AR FEADH I BHFAD
NÍ BHEIDH GRÁ AGAM AR THÍR DHÚCHAIS RIAMH
ACH TRÁ GRÁ AGAM ORT
AGUS NÍ DHÉANFAIDH MÉ DEARMAD ORT CHOÍCHE.

Chuaigh mé go dtí an

fhoinse ghlan,

bhí uisce breá ansin,

agus shnámh mé ann.

BHÍ GRÁ AGAM ORT AR FEADH I BHFAD
NÍ DHÉANFAIDH MÉ DEARMAD ORT CHOÍCHE

Faoi chrann cnó capaill
thriomaigh mé mé féin,
ar an gcraobh is airde
bhí filiméala ag canadh.

BHÍ GRÁ AGAM ORT AR FEADH I BHFAD
NÍ DHÉANFAIDH MÉ DEARMAD ORT CHOÍCHE.

Can, a fhiliméala, can
le do chroí sona
le do chroí ag gáire
agus mé ag caoineadh.

BHÍ GRÁ AGAM ORT AR FEADH I BHFAD
NÍ DHÉANFAIDH MÉ DEARMAD ORT CHOÍCHE.

Tá mo chara cailte agam
gan sin a bheith tuillte
mar gheall ar fhleasc rósanna
nach raibh fonn orm orm a ghlacadh.

BHÍ GRÁ AGAM ORT AR FEADH I BHFAD
NÍ DHÉANFAIDH MÉ DEARMAD ORT CHOÍCHE.

Ba mhaith liom go dtiontódh an rós
ina rósóg,
ag bheadh grá agam fós
ar mo mhuirnín.

SLOBODA.

SAOIRSE

Ó, a fhile,

chomh deacair is atá an tsaoirse

duit!

Léigh mé sin

i saothar Xabier Lete.

Déanta na fírinne, domsa,

Is é an grá an rud is mó

agus gan é

tá an tsaoirse fuar agus brónach.

Ó, a fhile,

bíonn brionglóid agat faoi shaoirse do phobail,

ach ní theastaíonn uait do shaoirse féin,

ní theastaíonn uait a bheith i d'aonar agus fuar.

In ainm na saoirse

stad na mílte croí ar pháirc an chatha

gan grá a thabhairt

agus gan litreacha grá a scríobh.

Ó a phobail,

chomh deacair an tsaoirse

go dtí go bhfaigheann tú

grá!

BURE.

BAIRILLE

Óstán leanna úill.

Tá mé i dteach ósta

na beorach

ag breathnú ar an mbairille.

Tá mo chorp tar éis folmhú

a fhad is a d'fhás an ghealach.

Tá mo chorp folamh

agus mo chroí lán mothúchán agus eispéiris.

Ag breathnú ar an mbairille

fiafraím díom féin:

an bhfuil sé lán?

Braithim go bhfuil

an bairille brónach,

chomh fada ó mo mhuirnín

ach feicimid beirt an ghealach iomlán

cibé áit a bhfuilimid

fíú má táimid ó chéile.

Is é filíocht an bairille folamh;

ag tabhairt dhá fhocal le chéile nach mbeadh le chéile choíche is ea

filíocht rúndiamhrach a scríobh.

Caithfidh an léitheoir a chinneadh cad é an rúndiamhair sin.

An féidir leis an mbairille a bheith brónach fíú mura bhfuil sé folamh?

MOCT.

Gearr agus tosaigh arís.

Tá rópa na gealaí iomláine

geal

ach pianmhar.

Gerrann solas na gealaí

créachta doimhne

agus caithfimid ligean do na mairbh imeacht

ionas gur féidir linn maireachtáil.

Tá DROICHID tógtha

le caidrimh a choinneáil ag dul

agus coinneáil ag seasamh suas díreach

agus gan gearradh.

PELISTER.

Téimid linn suas an sliabh

le héalú ón réaltacht thútach thíos.

Ag rith suas an cnoc,

daoine eile ag siúl,

agus in amanna ag breathnú ar an loch reoite ar an airdeacht

ag smaoineamh ar ghránna cailte.

Ag rith suas an cnoc,

Is mise an duine deireanach lena bhaint amach, PELISTERKA!

Sin é: 2,600 méadar os cionn na réaltachta tuataí.

Tá mo bhrionglóid aimsithe agam:

ba mhaith liom a bheith i mo mháthair

le mo ghrá cailte;

ba mhaith liom sin má chuidíonn an cluanáí liom teacht

ar an gcíor órga.

ba mhaith liom...

agus, go tobann, ar ais síos chun na réaltachta,

chun na cathrach.

SRCE.

CROÍ

Mífheidhm

níl ann ach gan a bheith ag feidhmiú.

Agus tá sin geall le rud ar bith.

Is drochnós mífheidhm,

neamhréir,

easpa scile,

easpa nirt,

tráma,

géarphian...

Fadhb shláinte atá ann a thagann go tobann

agus athraíonn do shaol,

na príomhfhadhbanna sa saol laethúil:

éiríonn íomhá an ghnáth-theaghlaigh doiléir,

tugann páistí aghaidh ar thrámaí,

agus tagann teipeanna laethúla páistí chun solais.

Athraíonn cuid daoine beagán

agus déanann siad tréas go meafarach;

imríonn daoine eile an saol ba mhaith leo a bheith acu

without really changing anything.

Tá an mhífheidhm inár gcroíthe,

ar stáitse an domhain seo.

Agus níl aon rún eadrainn,

mar is lucht féachana agus aisteoirí sinn go léir ag an am céanna

ar stáitse ollmhór an domhain seo.

Tá gach rud soiléir. An phian a bhaineann le bheith ag iompar go maith.

Fáilte go dtí m'fhilíocht!

PRILEP.

Cathair na beorach agus an tobac,

radharc tíre a bhainfeadh an anáil díot.

Markovi Kuli, láithreán

oidhreachtá UNESCO,

ag siúl agu ag siúl

tríd an bpáirc dúlra

do shúile ar leathadh

i dtreo na mainistreach;

ach tá duilliúr agus bogthaise na sléibhte

Bascacha uaim

le hanáil a tharraingt,

tugann an duilliúr sin beatha dom,

baineann an dat donn tirim seo m'anáil díom.

Ach tíolaicim mo bheatha, anáil agus filíocht

do na sléibhte lán carraige seo

á gcreáfóg thirim dhonn,

ar feadh nóiméid.

Ag mainistir Treskavec,

ag leanúint an traidisiúin creidimh,

lasaim coinneal do Mháthair Dé,

agus iarraim uirthi go dtiocfaidh mo ghrá cailte i láthair

agus mbeidh mé ag iompar clainne.

DRUGIZBOROVI.

Níos mó ná focail,

a ghrá.

Ní féidir liom stad de bheith ag rá

is grá liom thú.

Tá tú chomh breáagus iontach

cosúil le crann darach mór.

Teastaíonn tú uaim.

Teastaíonn ó mo chroí

do bhriathra Bascaise fíorghrá.

Teastaíonn uaim na FOCAIL EILE sin.

JUGOESLABIA.

Tá na tailte Slavacha fairsing,
ón tuaisceart go dtí an deisceart,
ón iarthar go dtí an t-oirthear,
tá siad gan deireadh sa sean-Eoraip seo againne;
is iomaí sin teangacha Slavacha ann,
agus conas is féidir críoch a chur ar an Eoraip?
sa deisceart tá daoine Balcánacha, bunadh na sléibhte;
Chuir Strabo síos tráth

orainne Bascaigh mar
bhunadh na gcoillte
mar go ginearálta níorbh fhéidir leis a thuiscint
cad é a dearadh bunadh na gcoillte,
agus ba bhunadh na gcoillte sinne dó
fíáin agus nádúrtha
ó na coillte

Bascach.

Ní thuigimse ach oiread

bunadh Balcach seo na sléibhte
san Iúgslaiv
an réigiún deisceartach
Slavach.

SARMA.

Tá TARRAINGTEACHT speisialta aige dom

an beár tapas,

Chuaigh mé isteach ann

mar tá an-dúil agam

sa chócaire.

Suím taobh leis an dair órga

agus déanaim iarracht taitneamh a bhaint as a bhfuil agam

go dtí go bhfaighim a bhfuil uaim.

An rís le fionchaor nó duilleoga puimpeín

tarraingteacht atá ann,

tá tarraingteacht speisialta aige dom

an beár tapas,

áit a ndéanann siad cócaireacht le grá

agus is aoibhinn liom an áit seo ina bhfuilim i mo chónaí,

an droichead idir an dá chroí againn.

An droichead a nascann an dá thaobh den aigéan

le neart chroíthe an dá thaobh.

CUACH.

A chailleach dhil liom,

Deir siad gur mí na gcailleach é Deireadh Fómhair.

Súile froig, súile buaife, dea-ádh an tseachtain ar fad!

Sciatháin ialtóige, craicne péiste, bí sona inniu agus amárach!

Adharca dragúin, ionas nach dtriomóid croí aon duine amach!

Scuab ghéar, scuab mhór, go raibh tú níos áille ó bhliain go bliain!

Slabhra beag, slabhra mór, tabhair dom a lán bonn!

Tá Deireadh Fómhair thart,

agus anseo freisin tá siad ag iarraidh an tSamhain a cheiliúradh

mar gheall ar an domhandú,

lagaithe ag an domhandú,

ag foghlaim ar ndóigh cibé a fheiceann tú.

Ach bhí mé ag ligean orm gur cuach mé

SÁBHÁILTE AG CLUICHÍ LEANAÍ

folach bíog ó áit go háit

ag iarraidh teitheimh ón domhan

téim i bhfolach i measc daoine.

ZAR SAMOIL.

Cónaím

i sráid Shár na Bulgáire,

Braithim uilechumhachtach

nuair a scríobhaim,

agus ó shráid Shár na Bulgáire

le tír dhúchais Prilep ar intinn

Cuirim mé féin sa 10ú haois.

In am Shár na Bulgáire

Braithim cosúil le rud ar bith

i lár na himpireachta meánaoise seo aige

agus ansin

tagaim ar ais go dtí an 21ú haois.

Inniu bíim caillte i ndomhandú

agus inniu ní bhraithim cosúil le rud ar bith,

fiú nuair a scríobhaim,

fiú má fheicim an ghrian ag dul faoi taobh thiar de shliabh Prilep,

agus ní cheapfainn riamh go bhféadfadh fáidh agus czar na Bulgáire

a bheith níos cumhachtaí ná impireacht na Biosáinte agus na Róimhe

agus de réir mar a thiteann an ghrian chun talaimh

ina charbad órga

á rá seo le hollanam Chaesair:

Tógann an Danóib (an Bhulgáir)

coróin na Róimhe di féin.

PELLA.

Is féidir le deoir máthar deich míle litir a ghlanadh amach.

Chuaigh mé go príomhchathair ársa na Macadóine,
áit bhreithe Alastair Mhóir,
agus thug a athair Pilib II póg dó
agus é ag tuirlingt dá chapall agus dúirt:

A leanbh, iarr an ríocht atá tuillte agat

Ní leor an Mhacadóin duit.

Ba é Arastatal a mhúinteoir nuair a bhí sé óg
agus dúirt sé leis uair amháin:

Iompair thú féin mar cheannaire i measc na nGréagach

agus mar choncaire i measc na mbarbarach.

Bhí uabhair Alastair Mhóir

ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar Dhia:

A Shéas, is féidir Sliabh Oilimpeas a bheith agat;

beidh an domhan agamsa.

Chomh maith le bheith ina ghaiscíoch,

tá a lán dealbh, pictiúr péinteáilte agus litreacha ina oidhreacht.

Is féidir le deoir máthar deich míle litir a ghlanadh amach.

THESSALONICA.

Tá príomhchathair na Macadóine theas

Sa Ghréig anois, ach tá na mothúcháin, teanga agus cultúr mar an gcéanna

fiú má tá bratacha éagsúla acu

a thagann anuas agus a théann suas gach lá;

is tú mo phríomhchathair, a stór,

tá mothúcháin ag an gcuid eile agaibh freisin

ní mise amháin

agus caithfidh mé deis a thabhairt dóibh ar bhur son go léir,

Tá a fhios sin agam,

ach gortaítear mé

agus tá sé deacair maireachtáil gan mo ghrá,

is leis mé le fada an lá.

ALFA.

Alfa, an chéad litir

Is é an tús an deireadh freisin,

tagann deireadh le gach rud a thosaíonn

am an lae inniu agus an lae inné

b'fhéidir gur inniu an bheirt acu amach anseo,

agus taobh istigh den am atá le teacht

b'fhéidir go bhfuil an t-am a d'imigh.

Má tá an t-am go léir i láthair go deo,

ní féidir am a cheannach.

Tá an lá inniu ann go deo

Ó thús na haibítire

go dtí Óimige

ó bheatha go bás,

is é inniu

amárach, anóirthear agus inné.

OHRID.

CATHAIR NA SOILSE.

Tá 350 eaglais ann

agus ar an gcnoc tá

tá daingean ón meánaois

le háit bheannaithe na cathrach a chosaint:

in áit bheannaithe 3 chreideamh

cros naofa agus svaistice

siombail na síoraíochta agus an tsonais.

agus i lár an spáis bheannaithe

tuama Naomh Clemeint in Ohrid,

an déantóir miorúiltí

D'iarr mé miorúilt

agus má tharlaíonn sin,

gabhfaidh mé buíochas le Peska,

bean chiallmhar ghnaíúil agus mo

threoraí turasóireachta féin

as miorúil nua a thabhairt dom ó Naomh Clemeint.

Cathair 350 eaglais,

cathair bheannaithe, Ohrid,

Lychnidus i nGréigis, cathair an tsolais

áit bheannaithe

le peacaí a ghlanadh.

Ó eaglais Naomh Jovan

tá radharc álainn ar loch Ohrid

agus ghlac mé grianghraf de i m'intinn.

Ón áit is áille ar an loch
is féidir leat Naomh Naum a fheiceáil
agus ar an taobh eile den sliabh
loch miotasach Prespa,
níos airde suas ná loch Ohrid
agus tugann Prespa a uisce dó
Ohrid trédhearcach, glan

An pointe mar a meascann an spéir agus an talamh,
an pointe mar a meascann stair agus miotas,
loch, fíor spéire dofheicthe.

Ní Páras cathair an tsolais;

is í Ohrid í.

Teastaíonn Ohrid ó éin Ohrid.

agus tá mé tagtha go hOhrid,
go tobann i gcroí te na Macadóine,
léirithe san uisce trédhearcach.

Mé.

Tú.

Sinn.

Ní Páras cathair an tsolais;

Is í Ohrid í.

Áit an uisce thrédhearcaigh, uisce glantach,
Naomh Clemeint Ohrid
an déantóir míorúiltí.

PLAOSNIK.

ÁIT ÍONÚCHÁIN.

In áit bheannaithe na miorúiltí

d'iarr mé go dtarlódh míorúilt

Os comhair thuama Naomh Clemeint in Ohrid,

le mo chreideamh go léir.

Chuir mé mo chreideamh go léir ann

go ndeiseofaí agus go ndeiseofaí droichead an ghrá

agus go raibh mé ag iompar

Tá an radharc is breátha ar loch Ohrid os mo chomhair

os cionn thithe na n-iascairí

faoin dún.

Chuaigh mé síos chun an bhaile mhóir

agus bhí caife agam,

spreagann an caife mo shaol

baineann an caife ón saol.

STOBI.

...Stobis, vetus urbs..."

mar a d'ainmnigh an staraí Rómhánach é,

ag cumar na n-aibhneacha Crna agus Vardar, ba í an chathair ba mhó i gcúige Rómhánach na Macadóine, príomhchathair ina dhiaidh sin sa chúige Rómhánach Macedonia Secunda, ionad tábhachtach uirbeach, míleata, riaracháin, trádála agus reiligiúnach in dhá impireacht mhóra: impireacht na Róimhe agus luathimpireacht na Biosáinte

...Stobis, vetus urbs..."

STOBI, SEANCHATHAIR

Tar éis dom fíon a ól bím ólta

tar éis tobac a chaitheamh téim ar mire

ag suirí bíonn náire orm

cad é a mbeidh mo shaol cosúil leis?

Ach níl an méid a tharla aisteach,

tá an méid a mhaireann i bhfad,

agus níl an t-am a caitheadh marbh.

Mar tá an t-am a caitheadh agus díreach anois

sa todhchaí chomh maith.

SFEST.

Ó FHÉILE go féile

agus cóisir go cóisir

táimid ag lorg inspioráide

le tumadh isteach sa Mhacadóin.

Spreagann an caife mé

faoin droichead

sa bheár ealaíonta faoin droichead

agus tosaím ag scríobh filíochta;

go deimhin, thuig Shakespeare é

TO WRITE OR NOT TO BE

scríobh nó gan a bheith

sin eisint na beatha!

scríobh nó gan a bheith

níl aon chosán eile agam

le bogadh chun tosaigh

ag scríobh chugat

ar pháosa páipéir glan

ag fanacht leat líonadh suas.

BENERA.

An fómhar fuar seo
ag iarraidh dul síos
is í Véineas mo thuaisceart istoíche
treoraíonn mo chroí mo shaol
agus thug sé mé go dtí thú
thrasnaigh ar saolta ar a chéile;
le fear breá gan chroí

ábharaíoch agus leithleasach

thit méi ngrá

Lig sé dom titim

agus gortaíodh mé.

Ansin tháinig tusa,

Chonaic méthú

agus chonaic mé go raibh tú i d'aonar,

agus threoraigh focail ghrá do chroí

go dtí mé

creid san fhíorghrá uair amháin eile.

Ní theastaíonn uaim borróga saora nó gáirí bréagacha;

teastaíonn uaim an fhírinne a bheith ar eolas agam fút.

Is aoibhinn liom neamhfhoirfeacht d'fhoirfeachta

breathnaíonn na a thagann amach san earrach foirfe

ach tá siad neamhfhoirfe mar titeann a bpeitil le himeacht ama

cé go bhfuil a n-eisint laistigh.

Chuir mé am amú ag fanacht leat

agus táim fós ag fanacht leat.

Tá an t-am le haghaidh fíorghrá tagtha

agus tá tú tagtha,

tóg anáil dhomhain

croith do sciatháin

abair d'amhráin

Níl tú cosúil le fir eile

Dúisigh

agus aimsigh thú féin go domhain síos.

PRIATOR.

GO GCASFAR AR A CHÉILE ARÍS SINN

Tá a fhios againn go gcasfar ar a chéile arís sinn

Cén fáth a gcaithfidh mé

amhrán brónach fút a scríobh?

Bhí tú spráúil agus cneasta

ba thú an sonas féin;

bhí an chumhacht ag do gháire,

do lámha lán seamar,

gan teorainn

chomhroinn tú iad leis an gcuid eile againn

agus thug tú aire don chuid eile.

Chuireann do mhothúcháin dhearfacha sinn ag gáire arís.

Chaill mé cara,

chaill mo leathchúpla anama,

an leannán is fearr,

agus líonann an creideamh suas

mo laethanta uaigneacha,

ar feadh an bhóthair dheannachúil seo

Ar m'ae amháin a chuir mo chuimhní isteach,

agus de bhrí gur chaill mé cara

tá a fhios agam go gcasfar ar a chéile arís sinn.

Ag Dia amháin atá a fhios!

Is sin an fáth nach méadóidh mo bhrón.

Treoróidh d'aingeal mé

agus taispeánfaidh sé an bealach ceart dom

Ag aimsiú síochána agus grá ar neamh arís eile,

tá sí lán ceoil, pictiúr phéinteáilte agus véarsaí.

Is tú mo bhrionglóid ó lá go lá

casfar ar a chéile sinn ar an taobh eile.

Tá a fhios agam go gcasfar ar a chéile sinn,

ag Dia amháin atá a fhios!

Agus sin an fáth a gciceálaim mo bhróin go léir amach.

Déanfaidh mé iarracht

gan caoineadh níos mó,

beidh d'anam ann i gcónaí dom

mar ní bhfuair tú bás,

agus beimid le chéile i gcónaí,

gan slán a fhágáil ag a chéile!

PRIATOR.

Go dtí an chéad uair eile!

Nuair a phillimid is é caife ár neart!

ar ngnás

ár bpaisean

treoraíonn sé sinn

agus spreagann sinn.

chomh tapa agus a imíonn an t-am!

agus ní mian liom

a bheith páirteach in imeachtaí Bascaise agus daonlathas áitiúil...

níl ó mo chroí ach a bheith sona, lena stóirín...

cosúil le ham cailte le mo ghrá cailte

Seo mé anseo in “príomhchathair an ghrá”...

Le deireanas tháinig mé ó “cathair an tsolais” na Macadóine...

tromchroíoch i ndeireadh an tráthnóna seo...

ag machnamh

ag fanacht leis an eitleán

Ag fanacht le grá.

Sa seomra feithimh.